Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Iúil 2021**
**(OR. en)**

**10625/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0180(NLE)**

**UK 173**
**SOC 436**
**EMPL 315**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Iúil 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 364 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, maidir le glacadh cinnidh chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta a leasú. |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 364 final

---

Faoi iamh: COM(2021) 364 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 6.7.2021
COM(2021) 364 final

2021/0180 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, maidir le glacadh cinnidh chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta a leasú.**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Tá an Coimisiún ag moladh go leagfaidh an Chomhairle síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ('an Comhaontú Trádála agus Comhair')[1], seasamh faoi ghlacadh cinnidh ón gCoiste Speisialaithe sin chun leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinní SSC-1, 3, 4, 5, 6 agus 8 mar aon le Foscríbhinn SSCI-1 a ghabhann le hIarscríbhinn SSC-7 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile

Leis an gComhaontú Trádála agus Comhair tá bunús leagtha síos le haghaidh caidreamh leathan idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe agus tá forálacha ann maidir le comhordú córas slándála sóisialta idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe. Tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021 tar éis é a bheith á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann.

### 2.2. An Coiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta

Tá an Coiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta ('an Coiste Speisialaithe') bunaithe faoi Airteagal 8(1)(p) den Chomhaontú Trádála agus Comhair. In Iarscríbhinn I den Chomhaontú Trádála agus Comhair tá rialacha nós imeachta na gCoistí Speisialaithe leagtha síos.

Tá cúraimí an Choiste Speisialaithe leagtha síos in Airteagal 8(4) den Chomhaontú agus airítear leo:

- Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe agus a áirithiú go gcuirfear chun feidhme mar is ceart é,
- Cinntí agus moltaí a ghlacadh, lena n-áirítear leasuithe ar an gComhaontú sna cásanna dá bhforáiltear ann,
- Saincheisteanna teicniúla a phlé a thiocfadh as cur chun feidhme an Chomhaontaithe.

### 2.3. Gníomh beartaithe an Choiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta

Féadfaidh an Coiste Speisialaithe cinneadh a ghlacadh lena leasófar na hIarscríbhinní agus na Foscríbhinní a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta ('an Prótacal') de bhun Airteagal SSC.68 de.

[1] IO L 444, 31.12.2020, lch. 14. Mar chuid de phróiseas fhíordheimhniú an Comhaontaithe Trádála agus Comhair, rinneadh na hairteagail a athuimhriú i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe.

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe na hIarscríbhinní a ghabhann leis an bPrótacal a cheartú agus a chomhlánú i dtaca leis na hiontrálacha maidir leis na Ballstáit agus an Ríocht Aontaithe, nach raibh ar eolas tráth a síníodh an Comhaontú Trádála agus Comhair. Ní leasaítear buneilimintí an Phrótacail leis na ceartuithe sin.

Beidh an cinneadh atá beartaithe ina cheangal ar na Páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 10(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair. I gcomhréir le Riail 9(3) d'Iarscríbhinn I maidir le rialacha nós imeachta na Comhairle agus na gCoistí Comhpháirteachta, beidh an dáta a thiocfaidh siad i bhfeidhm sonraithe sna cinntí a ghlacfaidh an Coiste Speisialaithe.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

### 3.1. Iarscríbhinn SSC-1 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta

De bhun Airteagal SSC-3 (4) (a) agus (d) tá na sochair airgid speisialta neamh-ranníocacha a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn SSC-1 agus na sochair cúraim fhadtéarmaigh a liostaítear i gCuid 2 d'Iarscríbhinn SSC-1 lasmuigh de raon feidhme an Phrótacail.

Tá teideal Iarscríbhinn SSC-1 míchruinn ós rud é go dtagraítear ann do shochair 'in airgead tirim', ach beidh sochair cúraim fhadtéarmaigh 'chomhchineáil' san áireamh i gCuid 2 den Iarscríbhinn sin freisin. San áireamh sa sainmhíniú ar shochair cúraim fhadtéarmaigh in Airteagal SSC.1(r) freisin tá sochair in airgead tirim chomh maith le sochair chomhchineáil. Dá bhrí sin, ba cheart teideal Iarscríbhinn SSC-1 a cheartú agus an téarma 'in airgead tirim' a bhaint aisti.

Liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn SSC-1 sochair airgid speisialta neamh-ranníocacha na mBallstát agus na Ríochta Aontaithe. Mar sin féin, ba cheart na sochair liostaithe a cheartú mar gur chuir Stáit áirithe deireadh le sochair áirithe a liostaítear agus gur thug Stáit eile isteach sochair airgid speisialta neamh-ranníocacha nua le déanaí. Dá bhrí sin, teastaíonn ceartú maidir leis na sochair a liostaítear faoin Ríocht Aontaithe agus faoi na stáit seo: an Bheilg, an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Eastóin, an Ghearmáin, an Ungáir, Éire, an Liotuáin, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an Spáinn agus an tSualainn. I gcás na Polainne agus na Ríochta Aontaithe, ba cheart sochair nua a chur leis an liosta.

Tar éis an téarma 'in airgead tirim' a bheith bainte de Theideal Iarscríbhinn SSC-1, ba cheart Cuid 2 den Iarscríbhinn sin a chomhlánú trí na sochair cúraim fhadtéarmaigh chomhchineáil a chur isteach inti, sochair atá le fáil faoi reachtaíocht 9 mBallstát, eadhon an Bheilg, an Chróit, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Phortaingéil agus an tSualainn. Ba cheart tuilleadh ceartuithe agus nithe breise a chur le Cuid 2 maidir leis an Ríocht Aontaithe chomh maith le 23 Bhallstát, eadhon an Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ungáir, Éire, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an Spáinn agus an tSualainn.

### 3.2. Iarscríbhinn SSC-3 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta.

Liostaítear in Iarscríbhinn SSC-3 na Stáit a chuireann tuilleadh ceart ar fáil maidir le sochair thinnis chomhchineáil do phinsinéirí atá ag filleadh ar an stát inniúil de bhun Airteagal SSC.25(2) den Phrótacal. Ba cheart an liosta a chomhlánú tríd an Laitvia, an Liotuáin, an Phortaingéil agus an Rómáin a chur air.

### 3.3. Iarscríbhinn SSC-4 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta

Baineann Iarscríbhinn SSC-4 le cásanna ina dtarscaoilfear an ríomh *pro rata* nó nach mbeidh feidhm leis. Tá sí ina dhá cuid. Liostaítear i gCuid 1 na Stáit i gcásanna ina dtarscaoilfear an ríomh *pro rata* de bhun Airteagal SSC.47(4) den Phrótacal agus ba cheart í a cheartú maidir le hÉirinn, leis an Laitvia, leis an bPortaingéil agus leis an tSualainn. Liostaítear i gCuid 2 na cásanna a bhfuil feidhm ag Airteagal SSC.47(5) maidir leo, agus ba cheart í a cheartú maidir le Poblacht na Seice, leis an bPortaingéil agus leis an tSualainn.

### 3.4. Iarscríbhinn SSC-5 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta

Liostaítear in Iarscríbhinn SSC-5 na sochair agus na comhaontuithe lenar féidir Airteagal SSC.49 a chur i bhfeidhm. Tá sí ina trí cuid. I gCodanna I agus II, ba cheart na hiontrálacha maidir leis an tSualainn a cheartú. I gCuid II, ba cheart dáta an Choinbhinsiúin Nordaigh maidir le slándáil shóisialta a cheartú.

### 3.5. Iarscríbhinn SSC-6 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta

In Iarscríbhinn SSC-6 tá forálacha speisialta maidir le cur i bhfeidhm reachtaíocht na mBallstát agus na Ríochta Aontaithe. Ba cheart iontrálacha nua ó Phoblacht na Seice agus ón Ríocht Aontaithe a chur isteach inti agus, san am céanna, ba cheart an iontráil maidir leis an Eastóin a bhaint aisti agus an iontráil maidir leis an tSualainn a cheartú.

### 3.6. Foscríbhinn SSCI-1 a ghabhann le hIarscríbhinn SSC-7 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta

Liostaítear i bhFoscríbhinn SSCI-1 na socruithe riaracháin idir dhá Stát nó níos mó ina leagtar síos nósanna imeachta cé is moite díobh siúd dá bhforáiltear in Iarscríbhinn SSC-7. Beidh feidhm fós ag na socruithe sin i gcomhréir le hAirteagal SSCI-8. Ba cheart an Iarscríbhinn a mhodhnú chun go léireofar an cinneadh ó rialtas na Sualainne gan socrú déthaobhach idir an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe a chur i bhfeidhm i gcásanna atá cumhdaithe leis an bPrótacal maidir le Comhordú Slándála.

### 3.7. Iarscríbhinn SSC-8 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta

San fhógra uaidh an 25 Eanáir 2021, chuir an tAontas an Ríocht Aontaithe ar an eolas gcomhréir le hAirteagal SSC.11(6) gur thug na Ballstáit uile fógra chuig an Aontas á shonrú gur mhian leo a bheith saor ó Airteagal SSC.10 i gcomhréir leis an maolú in Airteagal SSC.11(1) a mhéid a bhaineann le hoibrithe scoite. De bhun Airteagal SSC-8 ba cheart Iarscríbhinn SSC-8 a nuashonrú dá bhrí sin tríd an liosta de 27 Bhallstát atá ag cur fhorálacha Airteagal SSC.11(1) i bhfeidhm a chur isteach ann.

## 4. BUNÚS DLÍ

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrfar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

An cinneadh a iarrtar ar an gCoiste Speisialaithe a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla aige. Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 10 den Chomhaontú.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

An t-aon chuspóir amháin atá ag an ngníomh atá beartaithe agus an t-ábhar atá ann, baineann siad le leasú a dhéanamh ar na hIarscríbhinní agus na Foscríbhinní a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta chun, ar thaobh amháin, aghaidh a thabhairt ar nithe atá fágtha ar lár agus ar easpaí ann gan na buneilimintí ann a leasú, agus, ar an taobh eile, Iarscríbhinn SSC-8 a nuashonrú i gcomhréir le hAirteagal SSC.11 den Phrótacal.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) de CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atáthar a mholadh.

Braitheann an bunús dlí substainteach maidir le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus inneachar an ghnímh atá beartaithe a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith.

Leis an ngníomh atá beartaithe táthar ag saothrú cuspóirí i réimse an chomhordaithe slándála sóisialta. Dá bhrí sin, is é Airteagal 48 CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

### 4.1. Conclúid

Ba cheart Airteagal 48 i dteannta Airteagal 218(9) CFAE a bheith ina mbunús dlí ag an gcinneadh atá beartaithe.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leasófar an Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair leis an gcinneadh ón gCoiste Speisialaithe, is iomchuí é a fhoilsiú in Iris *Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2021/0180 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, maidir le glacadh cinnidh chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta a leasú.**

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 48, i gcomhar Airteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (‘an Comhaontú Trádála agus Comhair’) i gcrích le Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle[2] an 29 Aibreán 2021 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021, tar éis é a bheith á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann.

(2) De bhun Airteagal 778(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, is cuid dílis den Chomhaontú sin na Prótacail agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis. I gcomhréir le hAirteagal 782(3) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, ón dáta óna bhfuil an Comhaontú á chur i bhfeidhm go sealadach ar aghaidh, tá tagairtí do dháta a theacht i bhfeidhm le tuiscint mar thagairtí don dáta óna bhfuil sé á chur i bhfeidhm go sealadach.

(3) Le hAirteagal 8(4)(c) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, tugtar de chumhacht don Choiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta cinntí a ghlacadh, lena n-áirítear leasuithe, agus moltaí i leith na n-ábhar uile a bhfuil foráil sa chomhaontú seo maidir leo. De bhun Airteagal SSC.68 den Phrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta, féadfaidh an Coiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta na hIarscríbhinní agus na Foscríbhinní a ghabhann leis an bPrótacal sin a leasú. I gcomhréir le hAirteagal 10, tá na cinntí a bheidh glactha ag an gCoiste ina gceangal ar na Páirtithe.

(4) Ba cheart Iarscríbhinní SSC-1 go 6 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta, a mhéid a léiríonn na hIarscríbhinní sin reachtaíocht náisiúnta na mBallstát agus na Ríochta Aontaithe, a leasú, go háirithe chun athruithe a rinneadh le déanaí ar an reachtaíocht náisiúnta a chur san áireamh. Ba cheart teideal Iarscríbhinn SSC-1 a cheartú sa chaoi nach do shochair ‘in airgead tirim’ amháin a

[2] IO L 149, 30.4.2021, lch. 2.

thagrófar inti. Ba cheart Foscríbhinn SSCI-1 a ghabhann le hIarscríbhinn SSC-7 a leasú chun cinneadh ceann de na Páirtithe i socrú a liostaítear inti a léiriú.

(5) Ceanglaítear in Airteagal SSC.11(6) a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta go bhfoilseofar na Páirtithe Iarscríbhinn SS-8 nuashonraithe a luaithe is féidir tar éis tréimhse míosa amháin ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair. Ba cheart don Choiste Speisialaithe um Chomhordú Sóisialta cinneadh a ghlacadh an oibleagáid sin a chomhlíonadh.

(6) Dá bhrí sin, ian seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta maidir leis na leasuithe sin ar Iarscríbhinní SSC-1, 3, 4, 5, 6 agus 8 mar aon le Foscríbhinn SSCI-1 a ghabhann le hIarscríbhinn SSC-7 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta. is iomchuí é sin a bhunú.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta arna bhunú le hAirteagal 8(1)(p) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, beidh sé bunaithe ar dhréachtghníomh an Choiste Speisialaithe atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tá an Cinneadh seo dírithe ar an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*